AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 4.10.2018
COM(2018) 667 final

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a úsáid iarratas ón nGréig – EGF/2018/003 EL/Attica publishing

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Tá na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1] (an 'Rialachán maidir le CED').
2. An 22 Bealtaine 2018, chuir an Ghréig isteach an t-iarratas EGF/2018/003 EL/Attica publishing, iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí[2] san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Rannán NACE 58 Athbhreithniú 2 ('Gníomhaíochtaí foilsitheoireachta') sa réigiún leibhéal 2 NUTS seo a leanas: Αττική (Attica) (EL30) na Gréige.
3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le forálacha uile an Rialacháin is infheidhme maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

### ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2018/003 EL/Attica publishing |
| Ballstát | an Ghréig |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[3]) | Αττική (Attica) (EL30) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | 22 Bealtaine 2018 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 22 Bealtaine 2018 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 1 Lúnasa 2018 |
| An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar | 12 Meán Fómhair 2018 |
| An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích | 24 Deireadh Fómhair 2018 |
| Critéar idirghabhála | Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le CED |
| An líon fiontar lena mbaineann | 3 |
| An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[4] | Rannán 58 (Gníomhaíochtaí foilsitheoireachta) |

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.
[2] De réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le CED
[3] Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).
[4] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | |
|---|---|
| An tréimhse thagartha (naoi mí): | 29 Bealtaine 2017 – 28 Feabhra 2018 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí | 550 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 550 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 550 |
| An buiséad do sheirbhísí pearsantaithe (EUR) | 3 697 500 |
| An buiséad le haghaidh CED a chur chun feidhme[5] (EUR) | 150 000 |
| Buiséad iomlán (EUR) | 3 847 500 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR) | 2 308 500 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 22 Bealtaine 2018, chuir an Ghréig an t-iarratas EGF/2018/003 EL/Attica publishing isteach, is é sin faoi cheann 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. Thug an Coimisiún admháil go bhfuarthas an t-iarratas ar an dáta céanna agus d'iarr sé tuilleadh eolais ón nGréig faoi cheann dhá sheachtain ón dáta a bhí aistriúchán an iarratais ina sheilbh aige, an 1 Lúnasa 2018. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin faoi cheann sé seachtaine ón tráth a iarradh í, an 1 Lúnasa 2018. An spriocdháta 12 sheachtain ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh leis an iarratas, rachaidh sé in éag an 24 Deireadh Fómhair 2018.

### Incháilitheacht an iarratais

*Critéir idirghabhála*

5. Chuir an Ghréig an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le CED, lena n-éilítear 500 oibrí iomarcach ar a laghad a chuirfear ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha naoi mí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ag Rannán NACE Athbhreithniú 2 agus iad lonnaithe i réigiún amháin nó dhá réigiún arna sainiú ag NUTS leibhéal 2 i mBallstát. Bhí 550 iomarcaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Rannán NACE 58 Athbhreithniú 2 ('Gníomhaíochtaí foilsitheoireachta') sa réigiún leibhéal 2 NUTS seo a leanas: Αττική (Attica) (EL30)

6. Maireann an tréimhse thagartha naoi mí don iarratas ón 29 Bealtaine 2017 go dtí an 28 Feabhra 2018.

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

7. Na fiontair agus an líon daoine a dífhostaíodh le linn na tréimhse tagartha

---

[5] I gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

| Fiontair | An líon daoine a dífhostaíodh le linn na tréimhse tagartha |
|---|---|
| Lambrakis Press SA (DOL) | 324 |
| Ethnos Publications SA | 185 |
| Pegasus Magazines Publications | 41 |
| **Líon iomlán na bhfiontar: 3** | **Líon iomlán daoine a dífhostaíodh: 550** |

*Iomarcaíochtaí agus deireadh le gníomhaíocht a ríomh*

8. Rinneadh na hoibrithe ar fad a cuireadh ar iomarcaíocht le linn na tréimhse tagartha a ríomh ó dháta fhógra aonair an fhostóra lenar léiríodh go raibh an t-oibrí le leagan as nó go raibh conradh fostaíochta an oibrí le foirceannadh.


*Tairbhithe incháilithe*

9. Is é 550 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Nasc idir na hiomarcaíochtaí agus an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch ar a dtugtar aghaidh i Rialachán (AE) Uimh. 546/2009*

10. Chun an nasc a shuí idir na hiomarcaíochtaí a bhí ann de dheasca na géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíoch agus ar tugadh aghaidh orthu i Rialachán (CE) Uimh. 546/2009, d'áitigh an Ghréig gur tháinig laghdú 25 % ar fhíor-OTI na Gréige *per capita* sa tréimhse 2008-2016, (ó EUR 22 600 go EUR 17 000) agus gur tháinig méadú beagnach 16 faoin gcéad (ó 7.8 % go 23.6 %).

**OTI *per capita* arna leagan amach in Euro**
(2005-2016, praghsanna seasta 2010)





*Foinse INE GSEE[6], bunaithe ar shonraí AMECO[7] .*

6 [Foinse INE/GSEE. Geilleagar agus fostaíocht Heilléanach Tuarascáil Bhliantúil 2017](#)

7 Is é AMECO an bunachar sonraí maicreacnamaíoch bliantúil atá ag Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh.

**Ráta iomlán dífhostaíochta (%) –** Céatadán den daonra gníomhach–





*Foinse: Eurostat*[8]

11. Ina theannta sin, chun dul i ngleic le haisíocaíochtaí fiachais sheachraigh, tá bearta á ndéanamh ag rialtas na Gréige, nach bhfuil aon ráchairt orthu, ó bhí 2008 ann amhail rátaí cánacha a ardú, caiteachas poiblí a chuíchóiriú agus tuarastail fostaithe poiblí a laghdú. Tá laghdú tagtha ar thuarastail san earnáil phríobháideach freisin chun féachaint le hiomaíochas Gheilleagar na Gréige a mhéadú.

12. Le linn na tréimhse Eanáir 2008-Eanáir 2018, tháinig méadú ar an bpá íosta sna Ballstáit ar fad. Is sa Ghréig amháin a bhí laghdú 14 % sa phá íosta náisiúnta le sonrú.

8 http://ec.europa.eu/eurostat/tgm/table.do?tab=table&init=1&plugin=1&language=en&pcode=tps00203

**Pá íosta**
(Eanáir 2008 agus Eanáir 2018)




Nóta: An Danmhairg, an Iodáil, an Chipir, an Fhionlainn agus an tSualainn: Gan pá íosta náisiúnta
(1) Iúil 2008 in ionad Eanáir 2008


(2) Eanáir 2008 agus níl an meánráta bliantúil ar fáil

*Foinse: Eurostat (cód sonraí ar líne earn_mw_cur)*

13. De réir na dtorthaí ón suirbhé ar an lucht saothair sa dara ráithe 2016, tháinig méadú tuairim is 26 % ar chéatadán na n-oibrithe/na bhfostaithe a raibh a n-ioncam faoi bhun EUR 700 (ó 13.1 % go 38.8 %), le linn na tréimhse 2009-2016; agus san am céanna, tháinig laghdú ar líon na n-oibrithe/na bhfostaithe a thuilleann breis agus EUR 700 i ngach réimse tuarastail[9].

[9] Foinse INE/GSEE. Geilleagar agus fostaíocht Heilléanach Tuarascáil Bhliantúil 2017

**Éabhlóid na dtuarastal san earnáil phríobháideach sa Ghréig**
(2009-2016)




(*) Gan fhios nó gan fhreagra


*Foinse INE/GSEE, bunaithe ar ELSTAT, Suirbhé ar an Lucht Saothair (Ráithe 2 2009 agus Ráithe 2 2016)*[10]

14. Mar gheall ar mhéadú a bheith ag teacht ar dhífhostaíocht agus laghdú ag teacht ar thuarastail, tá laghdú ar ioncam teaghlaigh sa Ghréig ó bhí tús na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais ann in 2008. Is é éifeacht an laghdaithe sin go raibh laghdú ar an tomhaltas láithreach bonn. Tháinig laghdú ar bhonn leanúnach ar thomhaltas teaghlaigh sa Ghréig le linn na tréimhse 2008-2013, agus tá sé leamh ó shin. Ghearr teaghlaigh siar ar gach caiteachas neamhriachtanach agus ar roinnt den chaiteachas riachtanach fiú.

[10] *Ibid*

**Ioncam Teaghlaigh agus Tomhaltas arna leagan amach in Euro**

(An Ghréig, an ceathrú ráithe 2008 – an dara ráithe 2016, praghsanna seasta 2010)




*Foinse INE GSEE[11], bunaithe ar shonraí Eurostat*

15. An díolachán preasa, idir phreas laethúil agus thréimhsiúil, thit sé le haill sa Ghréig le linn na tréimhse 2011-2017. Thit díolacháin nuachtán ó 144 milliún cóip in 2011 go dtí 57 milliún in 2017 agus thit díolacháin irisí ó 60 milliún cóip go dtí 23 milliún. Iarmhairt den ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais is ea an laghdú leanúnach sin a ndéanann a héifeachtaí difear do gheilleagar na Gréige go fóill (ioncam teaghlaigh laghdaithe, dífhostaíocht ard, etc.) mar aon le héabhlóid dhigiteach thapa, rud atá ag athrú na hearnála foilsitheoireachta ó bhun.

**Díolacháin phreasa, idir laethúil agus thréimhsiúil, 2012-2017**

% ó bhliain go bliain

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An preas laethúil (nuachtáin) | -18,9 | -10,5 | -8,9 | -10,7 | -15,9 | -19,6 |
| An preas tréimhsiúil (Irisí) | -22 | -15,0 | -7,3 | -19,8 | -9,0 | -15,4 |

*Foinse: IBHS bunaithe ar shuirbhé ELSTADT ar an bpreas laethúil agus tréimhsiúil 2017*[12]

16. An t-iarratas atá ann faoi láthair, is iarratas leantach é ar iarratas EGF/2014/018 GR Attica publishing. Na cásanna a rinneadh ina leith ag an am, tá siad bailí fós.

---

11 *Ibid*

12 https://www.ibhs.gr/joomla-pages/joomla-content/list-all-categories/23-news/arthrography/172-newspapers-magazines

17. Go dtí seo, is le hearnáil na gníomhaíochta foilsitheoireachta a bhain trí cinn d’iarratais CED, agus iad ar fad bunaithe ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta[13].

*Eachtraí as ar tháinig na hiomarcaíochtaí agus an deireadh le gníomhaíocht*

18. Na heachtraí ba bhunchúis leis na hiomarcaíochtaí sin, is iad na ciorruithe móra sa chaiteachas ar fhógraíocht ó na fógróirí móra iad, amhail táirgeoirí carranna agus bainc, agus an laghdú i ndíolacháin phreasa, idir phreas laethúil agus phreas tréimhsiúil; agus ba é an cor chun donais eacnamaíoch a chuir tús leis an dá rud sin. Tá baint ag an laghdú i ndíolacháin freisin le lucht léitheoireachta a bheith ag aistriú ón bpreas clóite go dtí an preas leictreonach de bharr teacht furasta a bheith acu ar an inneachar agus sin láithreach bonn, ach lena chois sin, as siocair go bhfuil an leagan digiteach de nuachtáin ar fáil saor in aisce den chuid is mó (d’aontaigh 64 % de fhreagróirí an tsuirbhé ar ‘thionchar na meán leictreonach ar athrú meon léitheoirí’ nach roghnaíonn siad eolas clóite a thuilleadh mar ba ghnách leo a dhéanamh mar gheall ar an gcostas[14]).

19. Bhí fadhbanna tromchúiseacha roimh chuideachtaí foilsitheoireachta i dtéarmaí inmharthanachta, de réir mar a chuaigh a láimhdeachas in olcas le linn na tréimhse géarchéime. I gcaitheamh na mblianta 2005-2014, thit láimhdeachas na hearnála foilsitheoireachta 56.4 %. I rith na dtrí bliana a chuaigh tharainn, tháinig laghdú breise 14.3 % ar an láimhdeachas in 2015, 8.3 % in 2016, agus 19.5 % in 2017, rud a léiríonn an titim in ioncam ó fhógraíocht agus in ioncam ó dhíolacháin. Na deacrachtaí chun teacht ar iasachtaí agus an ganntanas a bhí ann ó thaobh sreabhadh airgid de, mar iarmhairt ar ghéarchéim gheilleagair na Gréige, chuir siad le deacrachtaí na bhfiontar san earnáil foilsitheoireachta, rud a d’fhág gur cuireadh gníomhaíochtaí ar fionraí, gur cuireadh na fiontair ar ceant agus go raibh iomarcaíochtaí ann.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus ar an bhfostaíocht*

20. Is in Attica a tharla na hiomarcaíochtaí ar fad. An tionchar a bhfuiltear ag dréim leis sa chríoch sin, tá sé ceangailte de na deacrachtaí a bhaineann le daoine a chur ag obair in áiteanna eile i ngeall ar chomh tearc agus atá na poist agus chomh líonmhar agus atá na cuardaitheoirí poist, go háirithe cuardaitheoirí fadtéarmacha.

21. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar ráta dífhostaíochta na Gréige ó 2014 i leith, tráth a bhain sé an buaicleibhéal is airde riamh amach (27.2 %); I mí Eanáir 2018 bhí an dífhostaíocht os cionn 20 % fós[15] agus díthostaíocht fhadtéarmach (>12 mí) a bhí i 55.2 % den dífhostaíocht iomlán[16].

22. Tá 34.7 % de dhífhostaíocht iomlán na Gréige le fail in Attica agus 36 % den dífhostaíocht fhadtéarmach ann freisin. Ina theannta sin, 57.4 % de na cuardaitheoirí poist ar fad sa réigiún sin, is cuardaitheoirí poist fadtéarmacha iad (líon atá dhá phointe céatadáin níos airde ná an meán náisiúnta)[17].

---

13 EGF/2009/024 NL Noord Holland agus Zuid Holland publishing, COM(2010) 532
EGF/2014/018 GR Attica publishing, COM(2015) 040 agus an t-iarratas reatha.

14 Tionchar na meán leictreonach ar an athrú meon atá ag teacht ar lucht léitheoireachta maidir leis an bpreas clóite. Karamanlis Michalis, An Aithin, Meán Fómhair 2016

15 Foinse: ELSTAT, eisiúint preasa an 12 Aibreáin 2018

16 Foinse: OAED. Cuardaitheoirí dífhostaithe a cláraíodh in OAED, Eanáir 2018

17 *Ibid*

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

23. Táthar ag súil go nglacfaidh na 550 oibrí dífhostaithe ar fad páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe sin de réir gnéis, saoránachta agus aoisghrúpa:

| Catagóir | | Líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | |
|---|---|---|---|
| Gnéas: | Fir: | 320 | (58.18 %) |
| | Mná: | 230 | (41.82 %) |
| Saoránacht: | saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh: | 549 | (99.82 %) |
| | daoine nach saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh iad: | 1 | (0.18 %) |
| Aoisghrúpa: | 15-24 bliana: | 3 | (0.55 %) |
| | 25-29 bliana: | 6 | (1.09 %) |
| | 30-54 bliana: | 460 | (83.63 %) |
| | 55-64 bliana: | 80 | (14.55 %) |
| | os cionn 64 bliana: | 1 | (0.18 %) |

*Incháilitheacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe*

24. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar d'oibrithe iomarcacha:

– **Gairmthreoir**: Déanfar an beart breise seo a thairiscint do gach rannpháirtí, beart ina mbeidh seisiúin aonair ann (seachas an seisiún faisnéise ginearálta, ar seisiún comhchoiteann é) lena gcumhdófar na céimeanna seo a leanas:

  1. Faisnéis ghinearálta. Cuirfear an beart seo faoi bhráid na n-oibrithe ar fad agus tabharfaidh sé faisnéis bhunúsach maidir leis an dtionscadal agus maidir lena n-ionchais infhostaitheachta amach rompu mar rannpháirtithe.

  2. Líon iontrála agus clárúchán. Áirítear air sin faisnéis maidir leis na seirbhísí atá ar fáil agus na cláir oiliúna agus maidir le scileanna agus riachtanais oiliúna.

  3. Páipéar pearsanta agus gairme. Is é is aidhm leis seo cuidiú le hoibrithe na láidreachtaí agus na laigí atá acu a shainaithint chomh maith leis na deiseanna atá gar dá gcuid suimeanna féin, agus chun plean gairm ré réadúil a bhunú. Tar éis na measúnuithe sin, cuirfear páipéar pearsanta agus gairme i dtoll a chéile, ina leagfar amach tionscadal aonair agus plean gníomhaíochta.

  4. Tacaíocht cuardaithe poist agus gairmthreoir. Áirítear air sin: (1) oiliúint i saincheisteanna cothrománacha amhail scileanna sóisialta a fhorbairt, dul i ngleic le timpeallachtaí nua agus cinnteoireacht; (2) cúnamh cuardaithe poist

lena n-áirítear faisnéis maidir leis na poist atá ar fáil, taighde gníomhach faoi na deiseanna fostaíochta áitiúla agus réigiúnacha, teicnící cuardaithe poist, agus oiliúint maidir le CVanna agus litreacha cumhdaigh a dhréachtú agus conas agallamh le haghaidh poist a ullmhú; (3) gairmthreoir. Cuirfidh na comhairleoirí gairmthreoir ar fáil do na hoibrithe dífhostaithe agus stiúrfaidh siad i dtreo tairiscintí post sonracha iad.

5. Treoir i dtreo na fostaíochta. Déanfaidh na comhairleoirí na hoibrithe a thionlacan freisin le linn chur chun feidhme a gcuid conairí oiliúna agus a gcuid pleananna aonair le haghaidh a n-ath-imeascadh san fhostaíocht. Na rannpháirtithe a bhfuil suim acu gnó a bhunú, gheobhaidh siad tacaíocht agus comhairle ghinearálta i dtreo na fiontraíochta i gcreat na céime sin.

6. Faireachán. Déanann sin foráil maidir le hobair leantach leis na hoibrithe le linn na sé mhí tar éis dheireadh chur chun feidhme na mbeart. Déanfar an ghníomhaíocht sin ar chostais an Bhallstáit.

– **Oiliúint, athoiliúint agus gairmoiliúint**. Cúrsaí gairmoiliúna a chur ar fáil atá sa bheart seo a fhreagraíonn do riachtanais shainaitheanta sa mhargadh saothair agus i réimsí agus in earnálacha a bhfuil ionchais mhaithe forbartha ag gabháil leo. Riarfaidh an oiliúint ar fad ar riachtanais na n-oibrithe, mar a sainaithníodh le linn na gairmhtreorach. Cuirfear dhá chineál oiliúna ar fáil: cláir gairmoiliúna (300 uair an ceann) chomh maith le cúrsaí speisialaithe arb iad deimhniúchán nó ceadúnais agus cláir oideachais an sprioc atá leo. An tairiscint chun oiliúint phleanáilte a thabhairt, is léiriú é ar oiliúint a bhfuil níos mó ráchairte uirthi i measc na n-oibrithe i gcás Attica I[18], amhail riarachán gnó; ríomhthráchtáil; díolacháin, margaíocht agus na meáin shóisialta; scileanna bunúsacha agus ardscileanna TF; dearadh gréasáin; agus lóistíocht; Mar sin féin, déanfaidh an tairiscint oiliúna dheiridh toradh na gairmthreorach a chomhtháthú.

– **Ranníocaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta**. Na hoibrithe a bhunaíonn a ngnólachtaí féin, gheobhaidh siad suas le EUR 15 000, mar ranníocaíocht chun costais a mbunaithe a chumhdach. Sa Ghréig, tá teacht ar chistiú ar cheann de na deacrachtaí is mó nár mhór d’fhiontraithe tabhairt fúthu agus iad ag tionscnamh gnó. Diúltaíonn na bainc tromlach na n-iarratas ar iasachtaí de bharr easpa airgid thirim. Is é is aidhm leis an mbeart seo fiontraíocht a chur chun cinn tríd an tacaíocht airgeadais seo.

– **Liúntas cuardaithe poist agus liúntas oiliúna**. Chun na costais a thabhaítear a chumhdach nuair a bhíonn siad rannpháirteach sna gníomhaíochtaí gairmthreorach, gheobhaidh na tairbhithe EUR 40 in aghaidh gach lá rannpháirtíochta. Le linn oiliúna is é EUR 3.33 in aghaidh na huaire an liúntas a bheidh ann.

– **Dreasachtaí fruilithe**. Téann an íocaíocht sin chun sochair do na hoibrithe dífhostaithe trína n-athfhostú a éascú i bhfiontar eile. Gheobhaidh an fiontar fruilithe EUR 650 in aghaidh na míosa go ceann sé mhí ar a mhéad, ar choinníoll go gcoinneofar an t-oibrí sa phost a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an dreasacht, go ceann sé mhí bhreise ar a laghad.

25. Is ionann na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, agus bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na gníomhaíochtaí

[18] EGF/2014/018 GR Attica publishing, COM(2015) 040

incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

26. Sholáthair an Ghréig an fhaisnéis a theastaíonn maidir le gníomhaíochtaí atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach dtiocfadh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

*Buiséad measta*

27. Is é EUR 3 847 500 na costais mheasta iomlána, a chuimsíonn caiteachas EUR 3 697 500 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 150 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

28. Is é EUR 2 308 500 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

| Gníomhaíochtaí | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)* | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[19] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(a) agus (c) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Gairmthreoir<br>(Επαγγελματική συμβουλευτική) | 550 | 1 250 | 687 500 |
| Oiliúint, athoiliúint agus gairmoiliúint<br>(Επαγγελματική Κατάρτιση, Εξειδικευμένη κατάρτιση) | 550 | 1 573 | 865 000 |
| Ranníocaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta<br>(Συνεισφορά για σύσταση επιχείρησης) | 60 | 15 000 | 900 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 2 452 500<br>(66.33 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Liúntas cuardaigh poist | 550 | 1 000 | 550 000 |
| Liúntas oiliúna | 500 | 1 000 | 500 000 |
| Dreasachtaí fruilithe<br>(Επιδότηση θέσεων εργασίας) | 50 | 3 900 | 195 000 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 1 245 000<br>(33.67 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(4) den Rialachán maidir le CED | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 10 000 |
| 2. Bainistíocht | – | | 80 000 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 30 000 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 30 000 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 150 000<br>(3.90 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 3 847 500 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána) | – | | 2 308 500 |

[19] Mar gheall ar shlánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

29. Costais na ngníomhaíochtaí atá sainaithnithe sa tábla thuas mar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Ghréig go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

30. Dheimhnigh an Ghréig nach n-imeodh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ag fostaithe thar EUR 15 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta caiteachais*

31. An 22 Lúnasa 2018, chuir an Ghréig tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar na gníomhaíochtaí incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 22 Lúnasa 2018 go dtí an 22 Lúnasa 2020.

32. An 22 Meitheamh 2018, thosaigh an Ghréig ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 22 Meitheamh 2018 go dtí an 22 Feabhra 2021.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais*

33. Is é an Clár Infheistíochta Poiblí Náisiúnta ó Aireacht Geilleagair agus Forbraíochta na Gréige an fhoinse réamh-mhaoinithe náisiúnta nó cómhaoinithe náisiúnta).

34. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas agus atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Ghréig nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais freisin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

35. Thug an Ghréig le fios go ndearna ionadaithe cheardchumann iriseoirí na nuachtán laethúil san Aithin (ΕΣΗΕΑ), Comhlachas oibrithe na bhfoilseachán laethúil san Aithin (ΕΠΗΕΑ), agus an Aireacht Saothair an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a phlé an 11 Bealtaine 2018.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

36. Déantar tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Chuir an Ghréig in iúl don Choimisiún go ndéanfaí an ranníocaíocht airgeadais a bhainistiú agus a rialú mar seo a leanas:

– gníomhóidh an NSRF[20], Stiúrthóireacht Fheidhmeannach na hAireachta Saothair, Slándála Sóisialta agus Dlúthpháirtíochta Sóisialta mar údarás bainistithe,

– EDEL (an Coiste Iniúchóireachta Airgeadais) mar údarás iniúchóireachta, agus

[20] Creat Tagartha Straitéiseach Náisiúnta (NSRF)

– An tSeirbhís Speisialta um Deimhniú agus Fíorú Clár Cómhaoinithe de chuid na hAireachta Geilleagair, Bonneagair, Turasóireachta agus Mara mar údarás deimhniúcháin.

**Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

37. Thug an Ghréig na dearbhuithe go léir a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir leis an rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,

– comhlíonadh na ceanglais atá leagtha síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean lena ngníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, tá a gcuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí comhlíonta acu agus riar siad dá gcuid oibrithe dá réir,

– ní bhfaighidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe tacaíocht airgeadais ó chistí eile nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais agus coiscfear aon mhaoiniú dúbailte,

– beidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na Cistí Struchtúracha,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

**Togra buiséadach**

38. Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011) mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020[21].

39. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as CED EUR 2 308 500, arb é 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe é, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

40. Maidir le CED a úsáid, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[22].

[21] IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.
[22] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

**Gníomhartha gaolmhara**

41. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a úsáid, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 2 308 500 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

42. An tráth céanna a ghlacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a úsáid, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe maidir le CED a úsáid.

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a úsáid iarratas ón nGréig – EGF/2018/003 EL/Attica publishing**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[23], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[24], agus go háirithe pointe 13 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe, nó mar gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta ar aghaidh, nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011) mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[25].

(3) An 22 Bealtaine 2018, rinne an Ghréig iarratas a thíolacadh ar CED a úsáid i ndáil le hiomarcaíochtaí san earnáil eacnamaíoch arna n-aicmiú faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE') athbhreithniú 2 Rannán 58 (gníomhaíochtaí foilsitheoireachta) in ainmníocht chomhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh ('NUTS')[26] a bhaineann le réigiún leibhéal 2 Αττική (Attica) (EL30) na Gréige. Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais le haghaidh ranníocaíocht

---

[23] IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

[24] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

[25] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

[26] Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

airgeadais ó CED a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart úsáid a bhaint as CED chun ranníocaíocht airgeadais EUR 2 308 500 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Ghréig isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógfar chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlacfar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, bainfear úsáid as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun méid EUR 2 308 500 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*the date of its adoption*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*